**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0013/2019**

3.10.2019

# TUARASCÁIL

maidir leis an togra le haghaidh cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh (AE) 2019/276 a mhéid a bhaineann le coigeartuithe ar na méideanna arna bhforscaoileadh ón Ionstraim Sholúbthachta le haghaidh 2019 chun úsáide i gcomhair imirce, insreabhadh dídeanaithe agus bagairtí slándála
(COM(2019)0600 – C9-0029/2019 – 2019/2039(BUD))

An Coiste um Buiséid

Rapóirtéir: John Howarth

## CLÁR

**Leathanach**

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ......................................3

IARSCRÍBHINN: CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE.....................................................................................................................5

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH........................................8

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH..........9

# TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**maidir leis an togra le haghaidh cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh (AE) 2019/276 a mhéid a bhaineann le coigeartuithe ar na méideanna arna bhforscaoileadh ón Ionstraim Sholúbthachta le haghaidh 2019 chun úsáide i gcomhair imirce, insreabhadh dídeanaithe agus bagairtí slándála (COM(2019)0600 – C9-0029/2019 – 2019/2039(BUD))**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2019)0600 – C9-0029/2019),

– ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/276 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2018 maidir leis an Ionstraim Sholúbthachta a fhorscaoileadh chun príomhchláir le haghaidh iomaíochas an Aontais a atreisiú agus chun maoiniú a dhéanamh ar bhearta buiséadacha láithreacha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin leanúnacha na himirce, insreabhadh na ndídeanaithe agus bagairtí slándála[1],

– ag féachaint do bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2019, mar a glacadh go cinntitheach é an 12 Nollaig 2018[2],

– ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle an 2 Nollaig 2013 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2014-2020[3],

– ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 2 Bealtaine 2013 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le smacht buiséadach, maidir le comhar i gcúrsaí buiséadacha agus maidir le bainistíocht fhónta airgeadais[4],

– ag féachaint do Chinneadh 2014/335/AE, Euratom ón gComhairle an 26 Bealtaine 2014 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh[5],

– ag féachaint do Dhréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 4/2019, a ndearna an Coimisiún é a ghlacadh an 2 Iúil 2019 (COM(2019)0610),

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Buiséid (A9-0013/2019),

A. de bhrí gur chinn Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an Ionstraim Sholúbthachta a fhorscaoileadh in 2019 le haghaidh méid de EUR 1 164 milliún: EUR 179 milliún le haghaidh cheannteideal 1a (Iomaíochas le haghaidh Fáis agus Post) chun príomhchláir iomaíochais (eadhon Fís 2020 agus Erasmus+) a atreisiú, agus EUR 985,6 milliún le haghaidh cheannteideal 3 mar a mhol an Coimisiún;

B. de bhrí go bhfuil dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 4/2019 molta ag an gCoimisiún ina n-áirítear laghduithe ar leibhéal na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas le haghaidh

[1] IO L54, 22.2.2019, lch. 3.
[2] IO L 67, 7.3.2019.
[3] IO L 347, 20.12.2013, lch. 884.
[4] IO C 373, 20.12.2013, lch. 1.
[5] IO L 168, 7.6.2014, lch. 105.

cheannteidil 1a agus 3 araon agus dá bhrí sin fágtar gur lú is gá an Ionstraim Sholúbthachta a úsáid in 2019;

C. de bhrí go bhfuil sé molta ag an gCoimisiún, dá bhrí sin, go ndéanfar coigeartú dá réir sin ar na méideanna arna bhforscaoileadh ón Ionstraim Sholúbthachta ag EUR 1090 milliún, agus is le haghaidh cheannteideal 1a EUR 160 milliún den mhéid sin agus is le haghaidh cheannteideal 3 EUR 930 milliún de;

D. de bhrí go leasaíonn an cinneadh forscaoilte atá molta Cinneadh (AE) 2019/276 an 12 Nollaig 2018[6];

E. de bhrí go bhfuil na coigeartuithe beartaithe ar neamhní mar thoradh ar sheasamh na Parlaiminte maidir le Dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 4/2019;

1. Ag diúltú don togra ón gCoimisiún;

2. Á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

[6] Cinneadh (AE) 2019/276 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2018 maidir leis an Ionstraim Sholúbthachta a fhorscaoileadh chun príomhchláir le haghaidh iomaíochas an Aontais a atreisiú agus chun maoiniú a dhéanamh ar bhearta buiséadacha láithreacha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin leanúnacha na himirce, insreabhadh na ndídeanaithe agus bagairtí slándála (IO L 54, 22.2.2019, lch. 3).

## IARSCRÍBHINN: CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Cinneadh (AE) 2019/276 a mhéid a bhaineann leis na méideanna arna bhforscaoileadh ón Ionstraim Sholúbthachta le haghaidh 2019**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 2 Nollaig 2013 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le smacht buiséadach, le comhar i gcúrsaí buiséid agus le bainistíocht fhónta airgeadais[1], agus go háirithe pointe 12 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas,

(1) Tá sé beartaithe leis an Ionstraim Sholúbthachta go bhféadfar maoiniú a dhéanamh ar chaiteachas atá sainaitheanta go soiléir agus nach bhféadfaí a mhaoiniú faoi na huasteorainneacha a bheadh ar fáil do cheann amháin nó níos mó de na ceannteidil eile.

(2) Is é EUR 600 000 000 (praghsanna 2011), mar a leagtar síos in Airteagal 11 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013[2] ón gComhairle é, an uasteorainn leis an méid bliantúil a bheidh ar fáil don Ionstraim Sholúbthachta, arna méadú, i gcás inarb infheidhme le méideanna atá dulta i léig agus arna gcur ar fáil i gcomhréir leis an dara fomhír de mhír 1 den Airteagal sin.

---

[1] IO C 373, 20.12.2013, lch. 1.

[2] Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle an 2 Nollaig 2013 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2014-2020 (IO L 347, 20.12.2013, lch. 884).

(3) An 12 Nollaig 2018 ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Cinneadh (AE) 2019/276[3] maidir leis an Ionstraim Sholúbthachta a fhorscaoileadh, le haghaidh na bliana airgeadais 2019, i gcomhair méid de EUR 178 715 475 de bhreis ar uasteorainn cheannteideal 1a (*Iomaíochas le haghaidh Fáis agus Post*) chun príomhchláir le haghaidh iomaíochas an Aontais a atreisiú agus i gcomhair méid de EUR 985 629 138 de bhreis ar cheannteideal 3 (*Slándáil agus saoránacht*) chun bearta i réimse na himirce, na ndídeanaithe agus na slándála a mhaoiniú.

(4) San áireamh i nDréachtbhuiséad Leasaitheach Uimh. 4 don bhliain airgeadais 2019 tá laghduithe ar leibhéal na leithreasuithe i gcomhair gealltanas le haghaidh cheannteidil 1a agus 3 araon agus dá bhrí sin fágtar gur lú is gá an Ionstraim Sholúbthachta a úsáid. Dá bhrí sin is iomchuí coigeartú a dhéanamh dá réir sin ar na méideanna arna bhforscaoileadh ón Ionstraim Sholúbthachta le haghaidh 2019 faoi Chinneadh (AE) 2019/276. Is iomchuí freisin coigeartú a dhéanamh ar an bpróifíl íocaíochta a bhfuil ionchas léi.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (AE) 2019/276 a leasú dá réir.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Airteagal 1 de Chinneadh (AE) 2019/276 mar a leanas:

(1) Leasaítear an chéad fhomhír de mhír 1 mar a leanas:

(a) cuirtear "EUR 160 195 475" in ionad "EUR 178 715 475";

(b) cuirtear "EUR 930 188 138" in ionad "EUR 985 629 138".

---

[3] Cinneadh (AE) 2019/276 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2018 maidir leis an Ionstraim Sholúbthachta a fhorscaoileadh chun príomhchláir le haghaidh iomaíochas an Aontais a atreisiú agus chun maoiniú a dhéanamh ar bhearta buiséadacha láithreacha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin leanúnacha na himirce, insreabhadh na ndídeanaithe agus bagairtí slándála (IO L 54, 22.2.2019, lch. 3).

(2) Sa chéad fhomhír de mhír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (a) go (e):

“(a) EUR 511 468 976 in 2019;

(b) EUR 242 308 256 in 2020;

(c) EUR 126 300 853 in 2021;

(d) EUR 131 990 641 in 2022;

(e) EUR 78 314 887 in 2023.”

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh [...],

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* *Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán* *An tUachtarán*

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 1.10.2019 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 30<br>–: 4<br>0: 3 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Rasmus Andresen, Clotilde Armand, Robert Biedroń, Anna Bonfrisco, Jonathan Bullock, Olivier Chastel, Lefteris Christoforou, David Cormand, José Manuel Fernandes, Eider Gardiazabal Rubial, Valentino Grant, Elisabetta Gualmini, Valerie Hayer, Niclas Herbst, Monika Hohlmeier, John Howarth, Mislav Kolakušić, Joachim Kuhs, Ioannis Lagos, Pierre Larrouturou, Rupert Lowe, Siegfried Mureşan, Jan Olbrycht, Henrik Overgaard Nielsen, Karlo Ressler, Bogdan Rzońca, Nicolae Ştefănuță, Nils Torvalds, Nils Ušakovs, Johan Van Overtveldt, Rainer Wieland, Angelika Winzig |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Damian Boeselager, Dinesh Dhamija, Henrike Hahn, Eva Kaili |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Sara Cerdas |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 30 | + |
|---|---|
| ECR | Bogdan Rzońca, Johan Van Overtveldt |
| NI | Mislav Kolakušić |
| PPE | Lefteris Christoforou, José Manuel Fernandes, Niclas Herbst, Monika Hohlmeier, Siegfried Mureşan, Jan Olbrycht, Karlo Ressler, Rainer Wieland, Angelika Winzig |
| RENEW | Clotilde Armand, Olivier Chastel, Dinesh Dhamija, Valerie Hayer, Nils Torvalds, Nicolae Ştefănuță |
| S&D | Robert Biedroń, Sara Cerdas, Eider Gardiazabal Rubial, Elisabetta Gualmini, John Howarth, Eva Kaili, Pierre Larrouturou, Nils Ušakovs |
| VERTS/ALES | Rasmus Andresen, Damian Boeselager, David Cormand, Henrike Hahn |

| 4 | - |
|---|---|
| NI | Jonathan Bullock, Ioannis Lagos, Rupert Lowe, Henrik Overgaard Nielsen |

| 3 | 0 |
|---|---|
| ID | Anna Bonfrisco, Valentino Grant, Joachim Kuhs |

Eochair na siombailí:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh